Meitheamh 2024

# Cill Dara le Gaeilge

## Nuachtlitir



Fáilte chuig Nuachtlitir Chill Dara le Gaeilge! Má tá tuilleadh eolais uait ar aon cheann de na míreanna nuachta seo, féach ar rannóg nuachta ár suíomh gréasáin anseo.

Welcome to the Cill Dara le Gaeilge Newsletter! If you want more information on any of the news segments below, see the news section of our website here.


**Tuilleadh Eolais:**

www.cilldaralegaeilge.ie 045 397320 eolas@cilldaralegaeilge.ie

# Aoife de Faoite
# OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN




Aoife de Faoite started working part time as an Executive Officer with Cill Dara le Gaeilge in April.

Aoife's is employed under Foras na Gaeilge's Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-2024 (Irish Language Networks Development Scheme) and she is based primarily in the Sallins/Naas area where Cill Dara le Gaeilge has an active presence.

Cill Dara le Gaeilge is working towards the nomination of Naas and Sallins as an official "líonra", an area in which the status of the Irish language is officially recognised by the State.

**Statement from Aoife de Faoite:**
"It is such an honour to have been accepted as part of Cill Dara le Gaeilge's team. I have so many wonderful memories of attending events by Sult na Sollán and Cill Dara le Gaeilge when I was younger. I am excited to have this opportunity to work with them to support the incredible work that they are already doing and hopefully give those amazing memories to other people too."

Thosaigh Aoife de Faoite ag obair go páirt aimseartha le Cill Dara le Gaeilge mar Oifigeach Feidhmiúchán i mí Aibreáin.

Is faoi Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, arna maoiniú ag Foras na Gaeilge, atá Aoife fostaithe. Tá sí ag obair i gceantar na Sollán/Nás na Ríogh go príomha, ceantar ina bhfuil neart oibre ar bun cheana féin ag Cill Dara le Gaeilge.

Tá Cill Dara le Gaeilge ag obair i dtreo stádas líonra a bhaint amach do cheantar Nás na Ríogh/na Sollán, i dtreo is go mbeidh aitheantas oifigiúil ón Stát do stádas na Gaeilge sa cheantar seo.

**Ráiteas ó Aoife de Faoite:**
"Is mór an onóir dom gur glacadh liom mar chuid de fhoireann Chill Dara le Gaeilge. Tá an oiread sin cuimhní iontacha agam ar fhreastal ar imeachtaí de chuid Sult na Sollán agus Cill Dara le Gaeilge nuair a bhí mé níos óige. Tá mé ar bís an deis seo a bheith agam obair leo anois chun tacú leis an obair iontach atá ar siúl acu cheana féin agus tá súil agam na cuimhní iontacha sin a thabhairt do dhaoine eile freisin."

# Seachtain na Gaeilge 2024

## Nás na Ríogh agus na Solláin
## 1 - 17 Márta 2024
### "Fáilte"

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

Bhaineamar an-taitneamh as Seachtain na Gaeilge 2024. Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt inár gcomórtais agus a d'fhreastail ar ár n-imeachtaí. Tá an-áthas orainn buaiteoirí na gcomórtas a reachtáladh le linn Sheachtain na Gaeilge 2024 a fhógairt. Táimid ag tnúth le Seachtain na Gaeilge 2025!

We really enjoyed Seachtain na Gaeilge 2024. We would like to take this opportunity to thank everyone who took part in our competitions and attended our events. We are delighted to announce the winners of the competitions we ran during Seachtain na Gaeilge 2024. We look forward to Seachtain na Gaeilge 2025!

**Comórtas Ealaíne 2024:**
**Rannóg A: Naíonáin bheaga – Rang 2**
1ú áit: Gina Zamfir, Scoil Mhuire Junior School, Droichead Nua
2ú háit: Kayla Serino, St. David's National School, Nás na Ríogh
3ú háit: Lucy Mai Roche, Scoil Mhuire Junior School, Droichead Nua

**Rannóg B: Rang 3 – Rang 6**
1ú áit: Dylan Fernandes, Gaelscoil Chill Dara
2ú háit: Sadhbh Airseabóid, Gaelscoil Chill Dara
3ú háit: Arthur Reilly, St. David's National School, Nás na Ríogh

**Rannóg C: Daltaí meánscoile**
1ú áit: Jessica Jacob, St. Farnan's Post Primary, An Chorrchoill
2ú háit: Matthew Logan Pegley, St. Farnan's Post Primary, An Chorrchoill
3ú háit: Antonia Ruzicka, St. Farnan's Post Primary, An Chorrchoill
Ardmholadh tughta do: Tristen Ahmed, St. Mark's Special School, Droichead Nua

**Comórtas Scríbhneoireachta 2024:**
**Rannóg A: Rang 1 – Rang 3**
1ú áit: Petra Eness Callet McCormack, Mercy Convent Primary School, Nás na Ríogh
An dara háit: Meisi Chieng, Mercy Convent Primary School, Nás na Ríogh
3ú háit: Kali Krzechka, Mercy Convent Primary School, Nás na Ríogh

**Comórtas Gearrscannáin 2024:**
1ú áit: 4A Rang Gaeilge, Meánscoil Iognáid Rís, Nás na Ríogh

**Comórtas na bPasanna 2024:**
Iarlaith Ó Meachair, Aoibhínn Maher, Aoife Ní Mhurchú, Conor Murphy, Dara Murphy, Aisling Ní Ghordúin agus Sarah Ní Ghordúin.

**Comórtas Grianghrafadóireachta #FéileSráide2024:**
Dara de Faoite agus Dylan Mac Sollaimh.

# An Fhéile Sráide agus Céilí 2024

Buaicphointe Sheachtain na Gaeilge sa cheantar i ndáiríre ná an Fhéile Sráide a bhí ar siúl ar Lá Fhéile Pádraig. Thosaigh an Fhéile Sráide in 2018 nuair nach raibh ann ach stáitse amháin ag Teach na Cúirte, agus i mbliana bhí ceithre shuíomh ann ar phríomhshráid Nás na Ríogh. Bhí ceol agus rince idir thraidisiúnta agus nua-aimseartha ann le grúpaí áitiúla, drámaíocht, filíocht, seó clainne agus an fuirseoir Tadhg Hickey!

The highlight of Seachtain na Gaeilge in the area was the St Patrick's Day Street Festival , the *Féile Sráide*. The *Féile Sráide* began in 2018 with one stage at the Courthouse and this year there was be four locations on the main street of Naas. There was traditional and modern music and dance with local groups, drama, poetry, family show and the comedian Tadhg Hickey!

Bhí lá iontach arís againn i mblian ag an bhFéile Sráide, agus chinntigh Naomh Pádraig go bhfanfadh an bháisteach uainn! Chríochnaigh an Fhéile le céilí mór sráide. Ar cheann de na spriocanna atá againn ná an Fhéile Gaeilge is mó do Lá Fhéile Pádraig a bheith againn taobh amuigh den Ghaeltacht. Déan teagmháil linn má tá suim agat páirt a ghlacadh an bhliain seo chugainn.

We had a great day again at the *Féile Sráide* this year, and St Patrick ensured that the rain would stay from us! The Festival finished with a big street céilí. One of our goals is to have the biggest St Patrick's Day Irish Language Festival outside of the Gaeltacht. Please contact us if you are interested in participating next year.











# Ciorcail Chomhrá i gCo. Chill Dara




An raibh a fhios agat go mbíonn ciorcal comhrá ar siúl i mbeagnach gach leabharlann i gcontae Chill Dara? Agus go mbíonn imeachtaí rialta ar siúl i nGaeilge nó go dátheangach? Is féidir clárú do nuachtlitir na leabharlainne anseo.

Did you know that there is a conversation circle in almost every library in County Kildare? And that there are regular events in Irish or bilingually? You can register for the library newsletter here.




Táimid ag baint an-taitneamh as na maidineacha caife gach maidin Dé Céadaoin ag 10:30 in Insomnia, Nás na Ríogh. Cuirtear fáilte mhór roimh dhaoine nua am ar bith, agus fáilte roimh leanaí leis. Tuilleadh eolais: eolas@cilldaralegaeilge.ie

We are really enjoying the coffee mornings every Wednesday morning at 10:30 in Insomnia, Naas. Newcomers are warmly welcomed at any time, and children are welcome. More information: eolas@cilldaralegaeilge.ie




Tagann pobal na Gaeilge le chéile gach Satharn ag 11:00 do Bhricfeasta as Gaeilge I gCafé Aroma Mocha, Nás na Ríogh. Fáilte roimh chách! Tuilleadh eolais: gaeilge@sultnasollan.ie

The Irish language community meets every Saturday at 11:00 for breakfast as Gaeilge in the café, Aroma Mocha Café in Naas. Everyone is welcome! For more information: gaeilge@sultnasollan.ie

# Féile na Sollán 2024

CILL DARA le GAEILGE

30/8-1/9 2024

Féile na Sollán

Sallins Tradfest

Beidh Féile na Sollán ar siúl i mí Lúnasa arís i mbliana. Beidh stáitse amuigh faoi aer cois canálach Dé Sathairn, agus rogha iontach imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha ar siúl le linn an deiridh seachtaine:  seó clainne le Fanzini, ceolchoirm amuigh faoin aer, Pop-up Gaeltacht, imeachtaí do leanaí, ceardlann coimicí, ceardlann drumadóireachta d'óg agus aosta, ciorcail chomhrá ar an mbairse agus céilí amuigh faoin aer ina measc. Beidh an clár ar fáil sna seachtainí atá romhainn ar www.sultnasollan.ie agus ar mheáin shóisialta CDleG.

Féile na Sollán will take place in August again this year. On Saturday there will be an outdoor stage and there will be a great choice of Irish and bilingual events throughout the weekend: a family show with Fanzini, outdoor concert, Pop-up Gaeltacht, activities for children, a comicbook workshop, a drumming workshop for young and old(er),  converstation circles on the barge, and an outdoor céilí amongst other things. The programme will be available in the coming weeks on www.sultnasollan.ie and on our own website and social media.










# Teaghlaigh Chill Dara

# Lá Mór Teaghlaigh le

Teaghlaigh CHILL DARA | CILL DARA le GAEILGE

**Gael-Choláiste Chill Dara,**
**Seanbhóthar Luimnigh,**
**Nás na Ríogh, Co. Chill Dara**
Old Limerick Road, Naas, Co. Kildare

**14:00-17:00, 29/06/24**

**Cláir Chluichí le Eclecticats**
Board Games with Eclecticats
**Ceardlann Eolaíochta** Science Workshop

**Costas: €5 Páiste rang 3-6**
**(uasmhéid €10 do theaghlach)**
Cost: €5 Child 3rd-6th class
(a maximum of €10 for a family)

**Seo imeacht trí Ghaeilge do theaghlaigh**
This is an Irish language event for families

CLÁRAIGH ANSEO | REGISTER HERE

Conradh na Gaeilge · Seachtain na Gaeilge le enérgia · Ciste Spreagtha · An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media · Crannchur Náisiúnta · S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

# Ranganna Gaeilge

## Irish Language Classes



DÉ MÁIRT **EVERY TUESDAY**
24/09/24-12/11/24

19:00-20:00
TOSAITHEOIRÍ BEGINNERS
20:00-21:00
MEÁNLEIBHÉAL INTERMEDIATE LEVEL

CLÁRAIGH ANSEO
REGISTER HERE

€60 EURO IN AGHAIDH AN CHÚRSA PER COURSE
THE MONREAD COMMUNITY CENTRE
ASCAILL AN MHAIDILÍN MAUDLINS AVENUE
NÁS NA RÍOGH NAAS
CO. CHILL DARA CO. KILDARE W91 FNV9

# Ranganna Gaeilge

## Tús Maith



Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí/caomhnóirí
Irish Language Classes for parents/guardians

**Leibhéal 1 20:00-21:00:**
Tosaitheoirí Complete beginners

**Leibhéal 2 21:00-22:00:**
Daoine a bhfuil an cúpla focal acu
People with "cúpla focal"

Ar siúl ar Zoom On Zoom
03/10/24-28/11/24

**CLÁRAIGH ANSEO!**
**REGISTER HERE!**



Teaghlaigh Chill Dara · Cill Dara le Gaeilge · Teanga Tí – Scéim Teaghlaigh Glór na nGael · Foras na Gaeilge · Glór na nGael · Conradh na Gaeilge

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara
Crannchur Náisiúnta
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

# Gnó Chill Dara

An raibh a fhios agat gur féidir leat do ghnó a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an nGaeilge? Tá Cill Dara anseo le cabhrú leat! Cláraigh le scéim gnó Gaeilge an chontae, Gnó Chill Dara. Tar i dteagmháil linn – tá an scéim seo saor in aisce! Cláraigh anseo.

Did you know that you can promote your business through the use of the Irish Language? Cill Dara le Gaeilge is here to help! Register with the Irish business scheme for the county, Gnó Chill Dara. Get in touch with us – this scheme is free of charge! Register here.



# Grúpa Nua ar WhatsApp

Is ann do ghrúpa nua WhatsApp "Pobal na Gaeilge, Co. Chill Dara", áit a roinntear nuacht agus fógraí leis na grúpaí Gaeilge éagsúla a bhfuil baint acu le Cill Dara le Gaeilge. Is féidir a bheith i do bhall den phobal ach clárú anseo.

We have a new WhatsApp group "Pobal na Gaeilge, Co. Kildare" for sharing news and notices with the different Irish-language groups affiliated to Cill Dara le Gaeilge. You can join the group by registering here.



# Grúpaí Pobail i gCill Dara

**Léim an Bhradáin**
**Leixlip**
**Tuilleadh eolais**
More information

**Átha Í**
**Athy**
**Tuilleadh eolais**
**More information**

**Maigh Nuad**
Maynooth
**Tuilleadh eolais**
More information

**Cill Dara/Droichead Nua**
Kildare/Newbridge
**Tuilleadh eolais**
More information

**Na Solláin/Nás na Ríogh**
Sallins/Naas
**Tuilleadh eolais**
More information

# Cuardach Focal

CILL DARA le GAEILGE

**Aimsigh na focail ar an liosta.**

**Find the words on the list.**

- ~~NA SOLLÁIN~~
- AN BAILE MÓR
- AN CHILL
- AN CURRACH
- AN DROICHEAD NUA
- BAILE ÁTHA Í
- BAILE EOIN
- BAILE PHÚINSE
- CEÁRACH
- CILL CHOCA
- CILL DARA
- CILL DROICHID
- CLAONADH
- LÉIM AN BHRADÁIN
- MAIGH NUAD
- NÁS NA RÍOGH
- TEACH SRAFÁIN

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | N | A | S | O | L | L | Á | I | N | Ó | C | I | É |
| N | I | Á | D | A | R | H | B | N | A | M | I | É | L |
| D | B | É | A | Í | A | N | A | A | N | A | L | A | N |
| R | A | A | N | D | C | I | I | A | B | I | L | N | I |
| O | I | I | C | I | O | L | L | R | A | G | D | C | Á |
| I | L | I | U | L | H | É | E | A | I | H | R | U | F |
| C | E | Á | R | A | C | H | P | D | L | N | O | C | A |
| H | Á | É | R | N | L | L | H | L | E | U | I | L | R |
| E | T | Ú | A | B | L | Ó | Ú | L | M | A | C | A | S |
| A | H | I | C | I | I | L | I | I | Ó | D | H | O | H |
| D | A | I | H | I | C | I | N | C | R | N | I | N | C |
| N | Í | C | É | I | I | É | S | I | É | A | D | A | A |
| U | N | A | L | É | L | É | E | L | É | I | M | D | E |
| A | N | A | N | A | S | N | A | R | Í | O | G | H | T |

# Tar i dteagmháil Linn

Má tá scéal ar bith agat ba mhaith leat a chur sa nuachtlitir, seol chugainn é. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn tríd ár suíomh gréasáin www.cilldaralegaeilge.ie, ar na meáin shóisialta, @cilldaragaeilge, ar an bhfón ag 045 397320 nó  ar ríomhphost ag eolas@cilldaralegaeilge.ie.

If you have any story you'd like to be included in our newsletter, send it to us to share. You can contact us through our website www.cilldaralegaeilge.ie,  on social media @cilldaragaeilge, by phone at 045 397320 or at eolas@cilldaralegaeilge.ie

